C/2024/5532

17.9.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Meán Fómhair 2024

lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024

(C/2024/5532)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

– glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2024 go cinntitheach an 22 Samhain 2023 ([2]);

– thíolaic an Coimisiún togra, an 9 Aibreán 2024, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2024,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 a ghlacadh an 13 Meán Fómhair 2024.

Tá an téacs iomlán ar fáil le haghaidh comhairliúcháin nó le híoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/public-register-search/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L, 2024/207, 22.2.2024.